Foras na Gaeilge

**An Scéim Meantóireachta 2021**

**Téarmaí agus Coinníollacha**

- Léigh na téarmaí agus coinníollacha seo go cúramach sula comhlánóidh tú an fhoirm iarratais.
- Beidh foireann Fhoras na Gaeilge sásta aon cheist maidir leis an scéim seo a phlé.
- Ní mór gach comhfhreagras maidir leis an scéim seo a chur chuig leabhar@forasngaeilge.ie

## 1.0 Eolas ginearálta

### 1.1 Aidhm na scéime

Is é aidhm na scéime seo deis a thabhairt do scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta comhairle faoina gcuid scríbhinní agus faoi cheird na scríbhneoireachta i gcoitinne a fháil ó mheantóirí ar scríbhneoirí aitheanta iad.

Cuirfidh an scéim struchtúr foirmiúil tacaíochta ar fáil don scríbhneoir go bhfaighidh siad treoir ón meantóir maidir le saothar cruthaitheach atá idir lámha.

Cuirfidh an meantóir comhairle ar an scríbhneoir ar bhonn rialta agus struchtúrtha chun iarracht a dhéanamh eispéireas liteartha an scríbhneora a fhorbairt.

**Tabhair do d'aire, ní seirbhís profléitheoireachta atá i gceist leis an scéim seo. Má tá comhairle faoi phrofléitheoireacht de dhíth, molaimid breathnú ar chúrsaí agus ar cheardlanna faoi leith a chlúdaíonn an t-ábhar seo.**

### 1.2 An mheantóireacht

Socrú páirtaimseartha ócáide atá sa mheantóireacht a mhairfidh ar feadh bliana ón dáta a chuirfidh an meantóir agus an scríbhneoir foirm an chomhaontaithe, *Comhaontú idir an scríbhneoir agus an meantóir*, chuig Foras na Gaeilge. Is gá í seo a chur ar fáil laistigh de 30 lá oibre ón dáta a gcuirfidh Foras na Gaeilge cinneadh in iúl faoin iarratas. Feidhmeoidh Foras na Gaeilge mar áisitheoir chun scríbhneoir a chur i dteagmháil le meantóir.

Molaimid don mheantóir agus don scríbhneoir bualadh le chéile uair sa mhí ar a laghad, go fíorúil, más cuí, ach is fúthu araon teacht ar mhodh oibre a fheilfidh dá gcuid riachtanas féin. Ag tús na tréimhse meantóireachta, iarrfaimid ar an meantóir agus ar an scríbhneoir tuairisc ghairid a thabhairt ar aidhm agus ar mhodh oibre na meantóireachta ar fhoirm an chomhaontaithe.

Beimid ag súil go gcomhlíonfaidh an meantóir agus an scríbhneoir an modh oibre comhaontaithe seo. Má tá aon deacracht ann ina leith beidh gá le breathnú arís ar an modh oibre comhaontaithe, agus ní mór aon athruithe a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge ag leabhar@forasnagaeilge.ie.

**1.3 Réimsí liteartha**

Glacfaimid go príomha le hiarratais sna réimsí ábhar léitheoireachta seo:

- ficsean do dhéagóirí;
- ábhar nuálach;
- prós éadrom nó ficsean an mhargaidh, mar shampla, úrscéalta agus gearrscéalta do dhaoine fásta;
- saothair neamhfhicsin;
- cumadóireacht do pháistí;
- ábhar léitheoireachta don fhoghlaimeoir fásta;
- drámaíocht.

Féadfaidh Foras na Gaeilge páirtmhaoiniú le heagraíochtaí eile a cheadú chun tacú le meantóireacht in earnáil na meán cumarsáide agus clóite, d'fhonn scríobh scripteanna, idir dhrámaíocht, cláir faisnéise agus saothair léirmheastóireachta, a chothú.

**1.4 Comhordaitheoir na scéime**

Roghnóidh Foras na Gaeilge comhordaitheoir don Scéim Meantóireachta as measc iarratais ó scríbhneoirí aitheanta chun tacaíocht a chur ar fáil do na meantóirí eile agus na scríbhneoirí agus chun ceardlanna a eagrú ag tús agus deireadh na scéime agus de réir mar is gá, go fíorúil más cuí. Díreoidh an comhordaitheoir sna ceardlanna seo ar phointí praiticiúla maidir le tabhairt faoi scríbhneoireacht na Gaeilge, agus deis a bheidh iontu do na meantóirí agus na scríbhneoirí go léir teacht le chéile agus an scéim a phlé go ginearálta. Beidh an comhordaitheoir ar fáil do na meantóirí má thagann aon cheist chun cinn i rith thréimhse na meantóireachta.

Beidh fáilte i gcónaí roimh theagmháil le Foras na Gaeilge ag leabhar@forasnagaeilge.ie, agus is é Foras na Gaeilge amháin a bheidh ag plé le tuairiscí agus íocaíochtaí.

**1.5 Léirmheastóireacht**

Gheobhaidh gach scríbhneoir léirmheas ar phíosa atá scríofa acu ó dhuine neamhspleách nach raibh ag plé leo faoin Scéim Meantóireachta. Déanfar seo ar bhonn discréide, trí Fhoras na Gaeilge, agus ní bheidh a fhios ag an scríbhneoir cé a rinne an léirmheas ná ag an léirmheastóir cé a scríobh an píosa. Faoin scríbhneoir féin a bheidh sé an deis léirmheastóireachta seo a thapú agus ní bheidh iallach orthu glacadh leis seo.

**2.0 Cineál maoinithe ar fáil**

**2.1 Táille agus costais taistil an mheantóra**

Íocfaimid táille €2,500 leis an meantóir. Beidh costais taistil nach mó ná €350 ar fáil don mheantóir faoin scéim chomh maith. Íocfaimid costais taistil **ar bhonn admhála amháin**.

**2.2 Táille agus costais taistil an scríbhneora**

Íocfaimid táille €1,000 leis an scríbhneoir. Beidh costais taistil nach mó ná €150 ar fáil don scríbhneoir faoin scéim chomh maith. Íocfaimid costais taistil **ar bhonn admhála amháin**.

**2.3 Táille agus costais taistil an chomhordaitheora**

Íocfaimid táille €1,000 leis an gcomhordaitheoir. Beidh costais taistil nach mó ná €350 ar fáil don chomhordaitheoir faoin scéim chomh maith. Íocfaimid costais taistil **ar bhonn admhála amháin**.

**2.4 Táillí an léirmheastóra**

Íocfaimid táille €200 leis an léirmheastóir as léirmheas a dhéanamh ar phíosaí ó thrí scríbhneoir. Íocfaimid an táille seo **ar bhonn sonraisc amháin.**

**3.0 An próiseas iarratais**

- Seolfaidh iarratasóirí foirm iarratais an mheantóra, an chomhordaitheora nó an scríbhneora chuig leabhar@forasngaeilge.ie.
- Seolfaimid admháil chuig an iarratasóir nuair a bheidh iarratas faighte againn.
- Déanfaimid measúnú ar an iarratas.
- Cuirfimid toradh an iarratais in iúl don iarratasóir taobh istigh de mhí ó dháta chinneadh bhord Fhoras na Gaeilge ar an iarratas.
- Leanfaidh comhfhreagras idir Foras na Gaeilge, meantóirí agus scríbhneoirí chun meantóir agus scríbhneoir a chur i dteagmháil lena chéile. Mura bhfuil an meantóir molta ar liosta na meantóirí cheana féin, ní mór dóibh foirm iarratais an mheantóra a chomhlánú agus déanfaimid measúnú ar an iarratas sin ansin.

**3.1 Eolas don scríbhneoir**

Iarraimid ar scríbhneoir i dtús a ré scríbhneoireachta ar mian leo a bheith páirteach sa Scéim Meantóireachta *Foirm Iarratais: Scríbhneoir* a chomhlánú agus a sheoladh chuig leabhar@forasnagaeilge.ie móide CV a bhaineann lena gcuid iarrachtaí liteartha. Ní mór don scríbhneoir samplaí dá gcuid saothair a chur ar fáil mar chuid den iarratas freisin. Ní ghlacfaimid le hiarratais ó dhaoine atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.

Más é barúil Fhoras na Gaeilge go bhfuil an t-iarratas ag teacht leis na rialacha agus go bhfuil sé iomlán agus cruinn, socróimid cruinniú idir an scríbhneoir agus meantóir. Nuair is gá, cuideoimid socrú a dhéanamh chun gur féidir leis an meantóir labhairt leis an scríbhneoir chun a fhéachaint an bhfeileann siad don mheantóireacht agus chun a chinntiú go bhfeileann an meantóir do shainspéiseanna an scríbhneora. Tá sé mar chuidiú do scríbhneoir i gcónaí agus iad ag tabhairt faoin scéim roinnt ábhair i nGaeilge agus roinnt ábhair a bhaineann leis an réimse ar mhaith leo díriú air a bheith léite acu.

Iarraimid ar an scríbhneoir Foras na Gaeilge a choinneáil ar an eolas ag leabhar@forasngaeilge.ie faoi iarrachtaí liteartha dá gcuid a chuirfear i gcló de

thoradh na scéime. Cuirfimid iad seo san áireamh má iarrann scríbhneoir síneadh ama ar thréimhse na meantóireachta.

**3.2 Eolas don mheantóir**

Iarraimid ar scríbhneoirí aitheanta a bhfuil suim acu a bheith ina meantóirí faoin Scéim Meantóireachta a gcuid réimsí sainspéise liteartha a chur in iúl ar an gcáipéis *Foirm Iarratais: Meantóir* agus CV liteartha a chur ar fáil.

**3.3 Eolas don chomhordaitheoir**

Iarraimid ar scríbhneoirí aitheanta a bhfuil suim acu iarratas a dhéanamh ar an ról mar chomhordaitheoir na Scéime Meantóireachta a gcuid réimsí sainspéise liteartha agus a dtaithí ábhartha a chur in iúl ar an gcáipéis *Foirm Iarratais: Comhordaitheoir* agus CV liteartha a chur ar fáil.

**3.4 Liosta na meantóirí**

Tá liosta reatha de mheantóirí na scéime le fáil ar www.forasngaeilge.ie. Déanaimid an liosta seo a nuashonrú ó am go chéile.

**3.5 Foirm an chomhaontaithe**

Tar éis iarratas a cheadú, agus nuair a thiocfaidh an meantóir agus an scríbhneoir ar shocrú sásúil, comhlánóidh siad foirm an chomhaontaithe, *Comhaontú idir an scríbhneoir agus an meantóir*, agus seolfaidh siad chuig leabhar@forasngaeilge.ie í.

**4.0 An próiseas íocaíochta**

Féadfaidh Foras na Gaeilge deireadh a chur leis an maoiniú ag am ar bith le linn na tréimhse má táimid den bharúil nach bhfuil leas ceart á bhaint as an scéim. Ní bheidh dul thar bhreith Fhoras na Gaeilge ina leith sin.

Íocfaimid táillí in euro amháin. Íocfaimid aon chostais taistil a éileofar i steirling ag ráta malairte an lae.

**4.1 Táille agus costais taistil an mheantóra**

- Íocfaimid táille an mheantóra ina thrí ghála.
- Íocfaimid an chead ghála, €1,000, nuair a bheidh foirm an chomhaontaithe, *Comhaontú idir an scríbhneoir agus an meantóir*, faighte againn ón meantóir agus ón scríbhneoir, a dhearbhaíonn go bhfuil an mheantóireacht tosaithe.
- Íocfaimid an dara gála, €500, tar éis don mheantóir agus don scríbhneoir a bheith ag feidhmiú go sásúil ar feadh tréimhse agus nuair a bheidh tuairisc faighte againn ón meantóir agus ón scríbhneoir ina leith seo ar an bhfoirm chuí, *Foirm Éilithe Íocaíochta*. Ní íocfaimid an dara gála seo go dtí go mbeidh an tuairisc seo faighte againn.
- Íocfaimid an gála deireanach, €1,000, nuair a bheidh an mheantóireacht curtha i gcrích go sásúil agus tuairisc ghairid scríofa ar thairbhe agus ar thorthaí na scéime faighte againn ón meantóir agus ón scríbhneoir ar an bhfoirm chuí, *Foirm Éilithe Íocaíochta*. Ní íocfaimid an gála deireanach seo go dtí go bhfaighimid an tuairisc seo.

- Íocfaimid costais taistil suas le €350 leis an meantóir, bunaithe **ar bhonn admhála amháin.**

**4.2 Táille agus costais taistil an scríbhneora**

- Íocfaimid táille an scríbhneora ina dhá ghála.
- Íocfaimid an chéad ghála, €250, tar éis don scríbhneoir agus don mheantóir a bheith ag feidhmiú go sásúil ar feadh tréimhse agus tuairisc a bheith faighte againn ón scríbhneoir agus ón meantóir ina leith ar an bhfoirm chuí, *Foirm Éilithe Íocaíochta*. Ní íocfaimid an chéad ghála seo go dtí go bhfaighimid an tuairisc seo.
- Íocfaimid an dara gála agus an gála deireanach, €750, leis an scríbhneoir nuair a bheidh an mheantóireacht curtha i gcrích go sásúil agus nuair a bheidh tuairisc ghairid scríofa faighte againn ón scríbhneoir agus ón meantóir ar thairbhe agus ar thorthaí na scéime ar an bhfoirm chuí, *Foirm Éilithe Íocaíochta*. Ní íocfaimid an dara gála seo  go dtí go bhfaighimid an tuairisc seo.
- Íocfaimid costais taistil suas le €150 leis an scríbhneoir **ar bhonn admhála amháin.**

**4.3 Táille agus costais taistil an chomhordaitheora**

- Íocfaimid táille an chomhordaitheora ina dhá ghála.
- Íocfaimid €500 tar éis don chomhordaitheoir ceardlann a chur ar fáil ag tús na scéime agus a léiriú gur chuir siad tacaíocht ar fáil dóibh siúd atá ag obair faoin scéim, agus nuair a bheidh tuairisc scríofa faighte againn uathu ina leith seo ar an bhfoirm chuí, *Foirm Éilithe Íocaíochta*.
- Íocfaimid €500 tar éis don chomhordaitheoir an cheardlann dheireanach a chur ar fáil ag deireadh na scéime, á léiriú gur chuir siad tacaíocht ar fáil do na meantóirí agus na scríbhneoirí, agus nuair a bheidh tuairisc scríofa faighte againn uathu ina leith seo ar an bhfoirm chuí, *Foirm Éilithe Íocaíochta*.
- Íocfaimid costais taistil suas le €350 leis an gcomhordaitheoir **ar bhonn admhála amháin.**

**4.4 Táillí an léirmheastóra**

- Íocfaimid táillí an léirmheastóra nuair is cuí le linn na scéime.

**5.0 Riar na scéime**

- Is ar fhoirm iarratais na Scéime Meantóireachta amháin a ghlacfaimid le hiarratais. Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú ina hiomláine, gach ceist a fhreagairt agus aon eolas eile a iarrtar ar an bhfoirm a sholáthar. Ní ghlacfaimid le haon iarratas nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán. Cuirfimid ar ceal aon iarratas ina bhfuil faisnéis mhíchruinn.
- Déanfaimid measúnú ar gach iarratas bunaithe ar an bhfaisnéis ar an bhfoirm iarratais. Ag éirí as an measúnú seo b'fhéidir go n-iarrfaimid eolas breise.
- Is é bord Fhoras na Gaeilge atá go hiomlán freagrach ar deireadh as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú**.** Is í foireann Fhoras na Gaeilge a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.

- Cuirfimid toradh an iarratais in iúl d'iarratasóirí i litir taobh istigh de mhí ó dháta chinneadh bhord Fhoras na Gaeilge ar an iarratas.
- Má dhiúltaítear d'iarratas gheobhaidh an t-iarratasóir litir dhiúltaithe. Is féidir athbhreithniú ar an gcinneadh sin lorg i scríbhinn taobh istigh de cheithre lá dhéag ó dháta na litreach diúltaithe. Ní mór athbhreithniú a bheith bunaithe ar na cúiseanna seo amháin:
    - go ndearna Foras na Gaeilge míléamh i rith an mheasúnaithe ar an bhfaisnéis a tugadh.
    - gur imigh Foras na Gaeilge, ar dhóigh shubstaintiúil, ón bpróiseas measúnaithe féin.
- Déanfaimid an ciste a bhaineann leis an Scéim Meantóireachta a riaradh go neamhspleách ar scéimeanna eile Fhoras na Gaeilge.
- Ní bheidh aon fhreagracht ná dliteanas de chineál ar bith ar Fhoras na Gaeilge nó ar aon searbhónta nó ar aon ghníomhaire de chuid Fhoras na Gaeilge as aon dochar, timpiste, gortú, ionsaí, gadaíocht, damáiste nó caillteanas de chineál ar bith a tharlóidh ar chúis ar bith d'aon duine atá páirteach go díreach nó go neamhdhíreach sa scéim seo de chuid Foras na Gaeilge.